

Bhí mé thiar i Málainn/ Iníon Shéimín Á'rais

Nach tobann an t-athrú tháinig ar iníon Sheimín Á'rais,
Nuair a d'éirigh sí suas ins an leabaidh 'na suí,
Nach dtabharfadh an bás ach leath-uair amháin di,
Go dtánaig sagart na ngrásta gur fhuascail sé í.
Nár bh aoibhinn don pháiste nuair a chuaigh sí go Párrthas,
'S go bhfuil sí ag Máire i bhFlaitheas na naomh,
'Tabhairt moladh don Ard Rí a thug ins an áit í,
'S a d'fhulaing an pháis le gur fhuascail sé í.

Bhí mise thiar i Málainn nuair a chuala mé 'n cás seo,
Och thug mé mo rása go dtiginn aniar,
Go dtugainn comhairle don lánúin an fhoighde a dhéanamh,
Go bhfaigheadh siadsan sásamh i ndeireadh an saoil.
Nuair a tháinig mé i láthair bhí an chónair ar lár ann,
Chreathnaigh mo nádúir, mo mhisneach, 's mo bhrí,
Bhí cróinéirí Gallda 'cur tuairisc a báis ann,
Gan fios caide 'n fáth ach ag líonadh an dlí.

Nár bh Péigí bhí cráite nuair a chonaic sí 'n garda,
A teacht as gach cearn a chomóradh a hiníon,
Gan planda sa gharraí ba deise ná Máire,
Gaelach nó Gallda dá bhfuil ins an tír.
Nuair a thioctas an lá a mbeidh an saol fá scanradh,
Tchífidh sibh Máire ina culaith go fíor,
'S na haingle dá gardáil 's glé geal na háite,
'S beidh aoibhneas ar an lánúin gur oil siad an 'nion.

Níl easpag nó Pápa dar labhair in aon teampall,
Nach a moladh na háite a bíos siad go buan,
Tá aoibhneas i bPárrthas nach féidir dúinn ' áireamh,
'S nach fearr ins' an áit sin ná bheith ar an tsaol.
Oibríonn an teampall ar dhúshraith na páise,
Ní bhainfidh aon namhaid cleit' aisti choíche,
Fuair siad na grásta le fírinne a dhéanamh,
Agus lobhadh an mana le gur cuireadh ann í.

Naoise Mac Cathmhaoil a rinne an cheardlann seo.

Le tacaíocht ó